Food Harvest 2020

Garspriocanna na Rathúlachta

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Réamhfhocal an Aire

Tá an-áthas orm an chéad tuarascáil bhliantúil seo ar dhul chun cinn Food Harvest 2020 a chur i láthair I gcomhar le Fiontraíocht Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Bia, Teagasc agus Bord Iascaigh Mhara.

Ó thosaigh mé ag obair mar Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, ghlac mé go fonnmhar le straitéis *Food Harvest 2020* agus táim tiomnaithe go hiomlán dá rathúlacht. Le 12 mhí anuas tá sé athraithe ó bheith ina straitéis ardleibhéil go treoirphlean comhroinnte i gcomhair gach uile dhuine a bhfuil baint aige leis an earnáil. Is ionadaithe ó gach cuid den earnáil, idir bheag agus mhór, a scríobh an straitéis agus tá a chur i bhfeidhm ag brath ar gach duine atá bainteach leis an mbia in Éirinn.

Tá sé dulta i gcion go mór orm go bhfuil tús curtha le 91% den 215 tionscnamh. Mar sin féin, tá a fhios agam nach bhfuil an t-aistear ach ina thús agus táim dírithe ar thógáil ar an tús maith sin. Meabhraítear dom gur cinntí tráchtála don tionscadal den chuid is mó atá sna céimeanna a chaithfear a bhaint amach faoi 2013 agus 2015 ach tá súil agam go n-oibreoidh an tionscadal liomsa agus leis na Gníomhaireachtaí Stáit chun na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach agus go deimhin a shárú. Tá sé i gceist agam leanúint le spriocanna ráithe a shocrú agus a thomhas agus cathaoirleacht a dhéanamh go pearsanta ar an gcoiste feidhmithe ardleibhéil.

Is dúshlánach an uair atá linn don tír. Ní mór cinntí deacra, a eascraíonn go háirithe as iomaíocht níos mó le haghaidh ciste náisiúnta teoranta agus as tosaíochtaí contrártha, a dhéanamh. Mar sin féin, táimid páirteach i gceann den bheagán earnálacha ar féidir leis téarnamh geilleagair na hÉireann a threorú. Is deis ar leith atá ann agus ba cheart go dtapóimis é agus go n-éireodh linn. Tá a fhios agam go bhfuil cumas iontach fáis ag earnáil agraibhia na hÉireann agus creidim go diongbháilte gurb é Food Harvest 2020 an cur chuige ceart chun an cumas sin a fhíorú.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh libhse uile a d'oibrigh chomh dúthrachtach sin lena chinntiú go raibh tús maith againn agus ba mhaith liom sibh a spreagadh chun tógáil ar an tús sin agus treabhadh ar aghaidh chun spriocanna an phlean a shárú. Táim ag tnúth le bheith ag obair go pearsanta le roinnt mhaith díobh sa 12 mhí amach romhainn agus muid ag iarraidh an tionscal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile.

Simon Coveney, TD
Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Leathanach

1 Achoimre Fheidhmeach 2

2 Dul chun cinn tar éis bliana i réimsí tábhachtacha 4

3 Garspriocanna na Rathúlachta 8

Príomhghníomhartha don bhliain 2012 10
Garspriocanna Eatramhacha 12

1 Achoimre Fheidhmeach

Comhthéacs

Tá bliain caite anois ó foilsíodh Tuarascáil *Food Harvest 2020*, plean straitéiseach curtha i dtoll a chéile ag coiste d'ionadaithe tionscail chun an earnáil a fhorbairt le linn na ndeich mbliana atá romhainn. Rinne an tuarascáil, a leag síos spriocanna fáis agus forbartha uaillmhianacha sa todhchaí, muinín athnuaite a spreagadh i dtodhchaí thionscal an agraibhia agus na hiascaireachta. Is éard a bhí cuimsithe sa teachtaireacht lárnach – 'an forás glas cliste' – fís d'fhorás fuinniúil sa todhchaí bunaithe ar fhorbairt nuálach agus inbhuanaithe agus bhí dáimh aige sin le táirgeoirí agus le tionscal an bhia.

Tharla go leor idir an dá linn agus is deis atá anseo anois féachaint ar an dul chun cinn atá bainte amach go dáta agus chun **garspriocanna na rathúlachta** atá straitéiseach a leagan síos don todhchaí.

San fhís atá i dtuarascáil *Food Harvest 2020* tá deis iontach do thionscal agraibhia fuinniúil, dírithe ar thomhaltóirí agus é ag féachaint chun cinn. Ba é an sprioc foriomlán, faoi 2020, luach na táirgeachta príomha a mhéadú de 33% billiún, an breisluach a mhéadú de níos mó ná 40% agus sprioc easpórtála de 42% san earnáil a bhaint amach.. Chun na spriocanna uaillmhianacha sin a bhaint amach leag *Food Harvest 2020* síos 215 moladh sainiúil. Bhí sé riachtanach go mbeadh freagairt chomhordaithe ón rialtas agus ó ghníomhaireachtaí stáit agus tiomantas láidir ag páirtithe leasmhara príobháideacha chun an dul chun cinn a spreagadh feadh réimsí éagsúla agus chun a chinntiú go raibh an bhunobair déanta leis an bhforás a bhuanú sa todhchaí.

Bunaíodh Coiste Feidhmithe Ard-Leibhéil (HLIC) chun freagairt an stáit a chomhordú agus bhuail baill an choiste le chéile 5 huaire éagsúla sa bhliain atá caite faoi chathaoirleacht an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bhí sé de thairbhe aige sin gur díríodh aird ar phríomhréimsí agus gur sainaithníodh na dúshláin ghéarchéimneacha atá le tabhairt fúthu agus le sárú sula mbeidh rath ar an obair.

In ainneoin na timpeallachta domhanda dúshlánaí agus an chúlaithe eacnamaíochta i gcuid mhaith dár margaí easpórtála, bhí an bhliain dheireanach go maith san earnáil agus tugadh faoi deara go raibh cor chun feabhais in easpórtáil earraí agraibhia, atá tar éis fás de níos mó ná 11% in 2010. Lean an forás láidir sin ar aghaidh in 2011 agus meastar gur mhéadaigh luach na heaspórtála sna chéad chúig mhí €400 milliún nó 13% agus go bhfuil an t-ionchas go maith tríd agus tríd don chuid eile den bhliain 2011.

Comhuaineach leis an bhfeidhmíocht an-dearfach ar na margaí easpórtála, bhí coinníollacha deacair sa bhaile le margadh lag agus tacaíocht laghdaithe státchiste. Mar sin féin, tugann *Food Harvest 2020* deis eisceachtúil chun athrú céimneach a dhéanamh san earnáil. Teastaíonn diongbháilteacht agus iarracht mhór chomhoibríoch ar gach leibhéal sa tionscal chun gach rath a bheith air. Leanfaidh an HLIC de bheith ag stiúradh comhiarrachta ó na gníomhaireachtaí ábhartha stáit go léir, cé go bhfuil acmhainní laghdaithe acu, ach is faoin earnáil phríobháideach atá an príomhról chun an fhís atá leagtha amach in *Food Harvest 2020* a chomhlíonadh. Ar deireadh, is iad nuálaíocht, scileanna fiontraíochta agus tiomantas ár bhfeirmeoirí, ár n-iascairí agus ár gcuideachtaí bia a stiúrfaidh rath san earnáil.

Achoimre ar an Dul Chun Cinn

Mar a léirítear sa chairt, tá gníomhartha curtha i gcrích i leith 91% de mholtaí Food Harvest 2020. Tá sonraí iomlána faoi gach aon cheann den 215 moladh iniata san Iarscribhin
http://www.agriculture.gov.ie/media/migration/press/July_21_2011.pdf.



Tá dul chun cinn suntasach déanta ar níos mó ná an ceathrú cuid díobh seo agus tá blas de na torthaí bainte amach léirithe sna tionscnaimh seo a leanas

Fócas Tráchtála

Tá 4 chomhábhar fheidhmiúla táirgthe as bainne ag an tionscadal ilmhilliúin Food for Health Ireland (FHI), rud a léiríonn na sineirgí tráchtála ar féidir leo teacht chun cinn nuair a cheanglaítear saineolas an tionscail déiríochta le saineolas ó Ghníomhaireachtaí Stáit (Fiontraíocht Éireann [EI], Teagasc) agus ón saol acadúil (UCD, UCC, UL).

Dintiúir Ghlasa á Léiriú

Dintiúir Ghlasa á Léiriú Fuair Bord Bia, i gcomhpháirt leis an Carbon Trust agus le Teagasc, aitheantas as a shamhail dá lorg carbóin mairteola. Is cuid é sin anois den Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Mairteola agus Uaineola (BLQAS), agus tá sé ar an gcéad scéim um dhearbhú cáilíochtaina bhfuil critéir chomhshaoil san áireamh. Táthar i mbun pleananna chun an tsamhail sin a leathnú amach chuig táirgí eile agus chun pointí cóimheasa breise a bhaineann le huisce agus le bithéagsúlacht a chur san áireamh. Is céim phraiticiúil thábhachtach é sin i dtreo na sprice 'Branda Éireann'.

Aistriú Faisnéise

Baineann an Tionscadal Déiríochta Glasbháin leas as feirm thráchtála chun treoirphlean náisiúnta do tháirgeadh bainne ísealchostais a sholáthar. Tugann a sheirbhís ar líne, treisithe ag siúlóidí feirme, sonraí fíor-ama a phleananna bainistíochta, agus saincheisteanna tábhachtacha, leibhéil bhainne, sonraí airgeadais agus sláinte ainmhithe san áireamh. Sa bhliain atá caite, ghlac níos mó ná 3,000 feirmeoir páirt sna siúlóidí sin agus mórán cuairteoirí ar an láithreán gréasáin

Cumas Ceannaireachta

Tá dúshlán na bpríomhoifigeach feidhmiúcháin Éireannacha agus a bhfoirne bainistíochta sinsearaí tugtha ag an gclár Leadership for Growth (L4G) de chuid EI atá maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus tá sé d'aidhm aige a meon agus a gcumas a athrú. Beidh soiléireacht straitéiseach níos fearr ina thoradh ar an gclár agus ar leibhéal pearsanta braistint chumasaithe, mhuiníne agus uaillmhéine níos fearr.

Roinn 2: Léiríonn ar leanúint, eiseamláirí de thionscnaimh 'chliste' agus 'ghlasa' a cuireadh i bhfeidhm ó foilsíodh *Food Harvest 2020*.

Roinn 3: Leagtar amach na príomhghníomhartha don bhliain seo romhainn chomh maith leis na spriocanna sainiúla le baint amach roimh 2013 agus 2015. Cuirfidh **'Garspriocanna na Rathúlachta'** sin ar ár gcumas ár ndul chun cinn a chóimheas sna blianta amach romhainn agus cinnteoidh siad go bhfanfaimid ar an mbóthar ceart agus an gealltanas a tugadh in *Food Harvest 2020* á chomhlíonadh.

2 Dul chun cinn tar éis bliana

Obair i gComhar

- **Food for Health Ireland** Tionscnamh teicneolaíochta Stáit-Tionscail-3ú Leibhéal chun teacht ar chomhábhair fheidhmiúla i mbainne agus iad a thráchtálú.
- Tá tairseach shingil á cruthú ag Comhghuaillíocht Teagasc/UCC le haghaidh a dtaca comhcheangailte do chuideachtaí bia i réimse an taighde agus na nuálaíochta.
- Tá Bord Bia tar éis dul chun cinn a dhéanamh le bunú ocht dtionscadal "iomaíochta comhoibrí"*.
- Tá tionscadail taighde ar siúl ag Teagasc agus ag cuideachtaí próiseála feola ar tháirgeadh mairteola déiríochta (i bhfianaise a mhéadaithe dhóchúil agus na gcóras táirgthe tarbhfheola barrmhaith).
- Tá comhchláir forbartha feirme nua aontaithe ag príomhchuideachtaí déiríochta agus ag Teagasc chun tabhairt faoi dhúshláin *Food Harvest 2020*.
- D'aontaigh an DAFM dámhachtainí faoi Ghlaoch ar Thaighde 2010, de luach €10m, trí na cláir FIRM, Stimulus agus COFORD.
- Rinne Bord Bia comhoibriú le roinnt gníomhaireachtaí chun sárthaispeántas de bhia na hÉireann a chur ar fáil le linn na cuairte ríoga go Baile Átha Cliath agus Corcaigh le gairid.

Nuáil san Oibriúchán

Gníomhú CLISTE

- **Thug Ionad Forbartha Bia Mara BIM** tacaíocht do 180 cuideachta, sheol sé táirgí nua (diúilicíní orgánacha agus raon béilí bunaithe ar bhia mara ar féidir iad a ullmhú in oigheann micreathonnach), chinntigh sé praghas bisigh 20% a bhaint amach.
- Thug níos mó ná 200 Dearbhán Nuála deis do chuideachtaí smaointe tráchtála agus teicnící nuálacha a fhiosrú le hinstitiúidí 3ú leibhéal.
- Chuir Taca Teicneolaíochta do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide de chuid Teagasc tacaíocht nuálaíochta bunaithe ar an eolaíocht ar fáil do níos mó ná 300 cliant gnó, agus forbairt agus tástáil táirgí nua san áireamh.
- Tá a shuíomh idirlín líonta ag Bord Bia le cás-staidéir de chuid **foresight4food** chun nuálaíocht phraiticiúil, dírithe ar thomhaltóirí, a léiriú agus bhain 30 cuideachta leas as a chuid taighde tomhaltais chun tacú le forbairt táirgí nua sa bhliain atá caite.
- D'éascaigh seirbhís mhéadaithe ar líne an DAFM leathnú scileanna TFC ar leibhéal feirme agus tionscail, shimpligh sí na próisis agus laghdaigh sí leibhéal na n-earráidí. Thaispeáin na hiarratais ar líne 2011 méadú san Íocaíocht Shingil (25%), san Fhoraoiseacht (53%) agus i gclárú laonna (45%).

Feirmeoireacht níos Cliste

- Chuir an Grúpa Gníomhachtaithe um Méadú na Déiríochta 16% den 54 tionscadal sa phlean oibre déiríochta i gcrích agus forbraíodh pleananna gníomhaíochta sonraithe d'earnálacha na mairteola agus na gairneoireachta le gairid.
- Tá líon na rannpháirtithe i bpléghrúpaí déiríochta méadaithe de 3,000 go breis agus 6,000 agus dá bharr sin tá meántoradh eacnamaíochta de thuairim is €200 in aghaidh an heicteáir ann.
- Sheol Teagasc agus ICBF roghnú géanómaíochta le haghaidh an phóraithe eallaigh dhéiríochta a bhfuil an cumas aige cóimheas tairbhe-costais 8:1 a sholáthar. Bhí Éire ar an dara tír sa domhan inar tugadh isteach a leithéid de chlár agus faoi láthair tá 45% de na hinseamhnuithe saorga bunaithe ar thairbh a roghnaíodh ar bhonn na géanómaíochta.
- Tá pleananna oibre na n-earnálacha, mar aon le garspriocanna agus méadracht feirme mhionsonraithe, forbartha ag Teagasc le haghaidh na Déiríochta, na Mairteola, na Muiceola, na Caoireola, an Chomhshaoil, na Curaíochta, na Foraoiseachta agus na Gairneoireachta chun spriocanna FH2020 a bhaint amach.
- Léiríonn an 100 **feirm sa tionscadal BETTER** de chuid Teagasc an dea-chleachtas i gcúinsí feirmeoireachta tráchtála agus léirigh an 24 feirm i gcomhchlár an agra-ghnó méadú de 40% i dtáirgeadh solad bainne déiríochta idir 2005 agus 2010.

* Straitéis Gnó ina mbíonn iomaíocht idir ghnólachtaí i réimsí áirithe agus comhoibriú i réimsí eile, ionas go laghdaítear costais, go bhfeabhsaítear cáilíocht, go ndéantar soláthar ar chustaiméir mór, etc.

Gníomhú CLISTE

Forbairt na Ceannaireachta agus na Fiontraíochta

- Faoi chlár Ceannaireachta EI L4G, tá 27 príomhoifigeach feidhmiúcháin bia agus a bhfoirne bainistíochta sinsearaí ag baint úsáide as an gclár idirnáisiúnta seo chun a scileanna bainistíochta agus ceannaireachta a athrú ó bhun chun feabhais.
- Comhaltacht Margaíochta Bhord Bia Tá 25 céimí gnó páirteach in 80 cuideachta agus 100 tasc faoi chlár 2010/2011. Chuir an clár roimhe seo conarthaí arbh fhiú €2.5m iad ar fáil.
- Cuimsítear **Vantage Bhord Bia** roinn dár teideal *'starting your own food business'*
- Tá Gréasán Fiontraithe Bia (FEN) curtha ar siúl ag Bord Bia a thosóidh anois ag ceangal cuideachtaí bia beaga nó nua le painéal fiontraithe a bhfuil taithí níos mó acu.
- Tá cúrsa céime i mbainistíocht tréada déiríochta á rith ag Teagasc/UCD chun na scileanna gnó, teicniúla agus fiontraíochta a theastaíonn chun gnólachtaí móra tráchtála a rith a fhorbairt.
- Chláraigh líon thar na bearta de 1,170 mac léinn ar raon leathan de chláir oideachasúla de chuid Teagasc i bhfómhar na bliana 2010, rud a thug an líon iomlán go dtí os cionn 3,000.

Eolas ar ár dTomhaltóirí

- Chuidigh **Periscope**, aighde tomhaltais Bhord Bia, a cuireadh ar bun i 10 mhargadh dhomhanda ar dhearcthaí i leith bia, sláinte, tomhaltais agus an chomhshaoil, le cuideachtaí na hÉireann díriú ar mhargaínua.
- Tá an Bord Bia ag leanúint lena thionscadal domhanda ar threochtaí tomhaltais sa stíl mhaireachtála a bhfuil rochtain aige ar ghréasán i 46 cathair i 28 tír agus é mar aidhm aige treochtaí a aithint agus tairbhe a bhaint astu.
- Tá taighde déanta ar fheidhmiúchán táirgí déiríochta i ndáil le cothúchán sa spórt.
- Tá taighde tomhaltais leathan déanta i 6 thír chun raon de bhearta Bhranda Éireann a thástáil.
- Tá teachtaireachtaí agus téamaí dírithe ar thomhaltóirí chun turasóireacht bhia na hÉireann a mhargú á bhforbairt ag Bord Bia, Fáilte Ireland & Tourism Ireland.
- Tugadh breac-chuntas ar mholtaí tomhaltóirí chun margaí feirmeoirí agus an Meirge Dea-Chleachtais araon a fheabhsú d'oibreoirí ag ceardlanna réigiúnacha.

Iomaíochas á Bhaint Amach

- Cuireadh 3 chlár iomaíochais EI a dtugtar LEAN orthu (Lean Start, Lean Plus, Lean Transform) faoi bhráid 26 cuideachta easpórtála bia. Tá na cláir seo á bhfeidhmiú ag an EI agus maoinithe ag an DAFM.
- Tá *Lean Transform* dírithe ar an 42 cuideachta mhór arb iad is cúis le 72% de na hearraí easpórtála. Tuairiscítear sábháil de 5.85% den díolachán ar an meán ó na 6 chuideachta a bhfuil an clár curtha i gcrích acu.
- Léiríodh coigilteas costais chomh hard le 9% in aghaidh na bliana sna cláir *Lean Start* agus Lean Plus, a cuireadh in oiriúint do chuideachtaí beaga easpórtála.
- Taispeántar seo a leanas sna sonraí ón 100 feirm atá páirteach i gclár feirme Teagasc BETTER:
  - mhéadaigh an t-ioncam déiríochta in aghaidh an lítir agus na feirme, agus tháinig méadú 40% ar tháirgeadh solad bainne ó 2005 go 2010
  - tháinig méadú 46% ar ollchorrlaigh ar fheirmeacha diúil i gclár BETTER thar an tréimhse 2008-2010, cé gur tháinig laghdú 7% orthu ar an meánfheirm dhiúil.
- Mhéadaigh líon na n-úsáideoirí de Mhonatóirí Brabaigh ar líne de chuid Teagasc ó 2,000 go 3,500, rud a chuir le hiomaíochas agus le hinbhuanaitheacht na bhfeirmeacha a bhí rannpháirteach ann.

Tionscnaimh Ghlasa

Inbhuanaitheacht a Chur Chun Cinn

Smaointeoireacht Ghlas

- Tá Bord Bia tar éis measúnú oibiachtúil na hinbhuanaitheachta ar 32,000 feirm mhairteola a chuimsiú ina Scéim um Dhearbhú Cáilíochta Mairteola (BQAS) agus creidtear gurb é seo an chéad cheann dá leithéid. Ba thoradh é sin ar chomhoibriú dlúth le Teagasc a d'fhorbair an tsamhail charbóin agus dá bharr sin rinne *The Carbon Trust* ríomh loirg charbóin maidir le táirgeadh mairteola na hÉireann a chreidiúnú.

- D'éirigh leis an DAFM in éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, síneadh ama a fháil ar an maolú ar an Treoir um Niotráití go dtí 2013, bunaithe ar an toradh a baineadh amach ar an gCéad Chlár Gníomhaíochta um Niotráití agus ar chomhaontú ar an dara clár feabhsaithe.

- Tá páirtithe leasmhara an tionscail tar éis straitéisí a ghlacadh chun dintiúir éiceolaíochta níos mó ná 4,000 soláthraí bainne a threisiú agus an tsamhail charbóin a leathnú amach chuig earnáil na déiríochta in 2012.

- Tá Éire fós ina táirgeoir tábhachtach den bhradán orgánach agus tá níos mó ná 70% d'iasc peiligeach na hÉireann deimhnithe ag an *Marine Stewardship Council*, rud a léiríonn stoic atá iomlán inbhuanaithe.

- Tá Teagasc tar éis an chéad léarscáil ardtaifigh de chumhdach talún agus de ghnáthóga na hÉireann a chur ar fáil.

- Tá Teagasc tar éis an chéad mhonarcha bithmhais-bhreoslaithe sa tír a choimisiúnú le déanaí.

- Tá Clár sainiúil Abhantraí Talmhaíochta ar fheirmeacha á chur ar siúl ag Teagasc, ar son an DAFM, chun éifeachtúlacht srianta comhshaoil agus cláir infheistíochta i ndiúscairt dramhaíola a mheas ar leibhéal feirme.
  Clár Abhantraí Talmhaíochta

- Tá feachtas curtha ar siúl ag Bord Bia sna meáin chumarsáide chun tairbhe an "tSuirbhé Inbhuanaitheachta" a chur san áireamh in iniúchtaí na Scéime um Dhearbhú Cáilíochta Mairteola agus Uaineola do na 32,000 ball.

- Tá obair shuntasach déanta ag Bord Bia ar fhorbairt ár n-íomhá mar tháirgeoir bia 'glas' agus ísealcharbóin.

- Tá Éire ar cheann de bhunaitheoirí *Global Research Alliance on Greenhouse Gases*, a dhíríonn ar eolas a roinnt agus ar theicneolaíocht phraiticiúil chun gáis cheaptha teasa a mhaolú ar leibhéal na feirme. Shínigh an tAire an Chairt le gairid agus ghlac sé páirt i lainseáil fhoirmiúil an Chomhaontais sa Róimh.

- Léirigh taighde san AE le gairid gurb iad córais fhéarbhunaithe fhairsinge na hÉireann, agus cur chuige saolré iomláine á úsáid, a tháirgeann an sle astuithe gás ceaptha teasa is lú san AE i dtaca le hainmhithe déiríochta agus atá ar an gcúigiú ceann is sle i dtaca le mairteoil.

- Tá an DAFM, i gcomhar leis an DECNR, ag obair laistigh d'idirbheartaíochtaí creata na Náisiún Aontaithe ar athrú aeráide agus laistigh den AE ar an dúshlán uathúil atá roimh an earnáil talmhaíochta a aithint maidir le spriocanna domhanda ar tháirgeadh bia agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh ag an am céanna.

Forbairt Achmhainní

- Léiríonn na torthaí go dáta ó *Marketplace 2010* gur baineadh amach díolacháin de €12.6m ón imeacht sin a dhíríonn ar chruinnithe réamheagraithe idir cuideachtaí Éireannacha agus ceannaitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Rinne Teagasc comhoibriú le comhpháirtithe sa tionscal chun an **Tionscadal Déiríochta Glasbháin** a bhunú. Dearadh an clár sin chun feirmeoireacht déiríochta bhrabúsach agus inbhuanaithe a thaispeáint i gcomhthéacs an mhéadaithe a bhfuiltear ag súil leis i dtionscal an bhainne.
- Tá foirne domhanda earnála bunaithe ag EI i gcomhpháirt le Bord Bia, Teagasc agus BIM chun cláir mhéadaithe easpórtála a chur chun cinn i 7 n-earnáil bhreisluacha (Bia Peataí, Deochanna, Bia Reoite, Báicéireacht Speisialaithe, Bia Mara, Táirgí Déiríochta agus Sneaiceanna/Milseogra). Tá na foirne trasearnála sin ag obair chun smaointeoireacht úr agus comhoibriú níos fearr a thabhairt chun cinn mar thacaíocht do na fo-earnálacha tábhachtacha sin.

Forás

Forás á Dhéanamh

- Shroich earraí easpórtála agraibhia €7.88 billiún in 2010, méadú 11% ó 2009 agus an chuma air go mbeidh cúrsaí go maith, tríd agus tríd, sa chuid eile de 2011.
- Le tacaíocht ó EI agus le comhoibriú leis an Roinn agus le Teagasc, d'fhógair príomhtháirgeoir bainne do naíonáin clár infheistíochta €50m ina mhonarcha. Méadófar a thoilleadh faoi thrí go 100,000 tonna in aghaidh na bliana agus 98% dá tháirge á easpórtáil chuig níos mó ná 60 tír.
- Tá 158 jab le cruthú in earnáil an bhia mara roimh 2014, trí mhéadú a dhéanamh ar 18 gcuideachta próiseála bia mara, trí infheistíocht de €7.4m agus trí chúnamh deontais ó BIM.
- Tá tionscnamh jabanna píolótach seolta sna Cealla Beaga, Ina n-imríonn an earnáil iascaigh ról suntasach, a chruthóidh 250 jab roimh 2014.
- Leanadh ar aghaidh le feidhmíocht láidir onnmhairithe thionscal na ndeochanna sa bhliain 2010, agus tháinig méadú 8% ar onnmhairí foriomlána deochanna, lena n-áirítear méadú 23% ar uisce beatha, méadú 10% ar licéir uachtair, agus méadú 16% ar bheoir.

3 Garspriocanna na Rathúlachta

Price Forecasts for Major Commodities





FAO/OECD Outlook 2011-2020

Le bliain anuas tá roinnt spreagtha tugtha ag *Food Harvest 2020*, mar a léirítear i Roinn 2 thuas.

Tá fís chomhtháite Stáit cruthaithe de luach na hearnála agraibhia agus iascaireachta don gheilleagar, mar a léirítear i gClár an Rialtais, *Food Harvest 2020*, *Trade Tourism and Investment Strategy, Food Tourism Implementation Framework Strategy, Delivering on the Potential of Irish Seafood* agus *Pathways for Growth*. Téama seasmhach sna doiciméid sin is ea an ról lárnach a chaithfidh an earnáil dhúchasach seo a ghlacadh san athbheochan náisiúnta bunaithe ar onnmhairiú.

Chomh tábhachtach céanna, tá an bhraistint athnuaite mhuiníne agus soirbhíochais san earnáil agus díograis shuntasach cheannairí an tionscail maidir leis an bhfís atá ann den bhforás glas agus cliste atá in *Food Harvest 2020*.

Mar sin féin, tá sé riachtanach an bogás a sheachaint maidir leis na dúshláin atá romhainn agus go n-aithneofaí gurbh iad na dálaí fabhracha i margaí an domhain a bhí taobh thiar den fheabhas san easpórtáil sa bhliain atá caite. Cé go léiríonn *FAO-OECD Outlook* go bhfuil dealramh dearfach, tríd agus tríd, ar an talmhaíocht domhanda sna deich mbliana reatha seo beidh dúshlán nach beag ag baint leis an luaineacht leanúnach maidir le praghsanna agus airgeadra agus le costais ardaithe ionchuir.

Tá forás na hearnála sa todhchaí ag brath ar gheilleagar socair domhanda chomh maith le toradh na hidirbheartaíochta taobh istigh den AE agus idir an AE agus an geilleagar domhanda.

Taobh istigh den chomhthéacs domhanda seo, tá sé riachtanach roinnt **garspriocanna ratha** straitéiseacha a leagan síos chun a chinntiú go mbaintear amach spriocanna *FH 2020*. San áireamh anseo tá sainaithint na **bpríomhchumasóirí** a theastaíonn chun an dul chun cinn a threorú agus a chothú chomh maith le **spriocanna eatramhacha** a shocrú agus an **gníomh** a chaithfear a dhéanamh chun rath a bhaint amach a bhreacrianú.

Príomhchumasóirí

Dul i bhfeabhas san iomaíochas

Cé go bhfuil ábhar dóchais san fheabhas ginearálta san iomaíochas coibhneasta ó 2008 i leith, mar a thuairiscíonn Forfás, tá dul chun cinn sa bhreis riachtanach, go háirithe maidir le costais fuinnimh agus dramhaíola, ar costais shuntasacha iad don earnáil. Ar leibhéal na hearnála, tá sé riachtanach go mbeadh feabhas ar an iomaíochas trasna dheighleoga na hearnála agraibhia trí tháirgeacht fheabhsaithe, trí scálú méadaithe agus trí scileanna agus acmhainní feabhsaithe. Is éard a bheidh riachtanach chun an dul chun cinn sin a dhéanamh ná infheistíocht leanúnach sa mhargaíocht, taighde, oideachas agus oiliúint, chomh maith le haistriú faisnéise.

Timpeallacht Fhabhrach Bheartais

Ar leibhéal an AE, is iad na dúshláin atá roimh an Roinn idirbheartaíocht a dhéanamh ar bheartas cuí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus ar chreat buiséid an AE tar éis 2013 ionas go gcuirfear *Food Harvest 2020* i gcrích.

Díriú ar Thacaíocht Stáit

Díreofar an maoiniú stáit ar fad atá ar fáil ar réimsí tosaíochta chun tacú le straitéis Food Harvest. Beidh sé seo tábhachtach i gcomhthéacs acmhainní státchiste atá laghdaithe go suntasach thar na blianta beaga atá romhainn go háirithe.

Maoirseacht réamhghníomhach

Leanfaidh an HLIC le freagairt an Stáit ar fheidhmiú FH2020 a chur chun cinn. Tá spriocanna á leagan síos anois aige le haghaidh ghníomhú an Stáit agus éileoidh sé tuairiscí rialta ar an ngníomhaíocht san earnáil phríobháideach. Déanfaidh sé athbhreithniú agus athchóiriú ar an straitéis bunaithe ar an taithí agus sa chomhthéacs sin tá iniúchadh á dhéanamh ar mholtaí an Ghrúpa Ghníomhachtaithe Mairteola agus a ndearcadh gur cheart an sprioc maidir le luach an toraidh a ardú san áireamh. Ar deireadh, leanfaidh sé ag feidhmiú mar theach imréitigh ar dheacrachtaí sainiúla nó ar dhúshláin níos casta a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Tacaíochta ón tionscal

Cé go bhfuil an fhreagairt do *FH2020* dearfach go maith, tá sé riachtanach go leanfadh an cheannaireacht ó ghníomhaithe an tionscail go háirithe maidir leis na dúshláin a bhaineann le mór-athstruchtúrú agus le hathchumrú an chumais phróiseála. Beidh caiteachas méadaitheach an tionscail ar T&F agus nuáil táirge agus phróisis ríthábhachtach chun spriocanna fáis uaillmhianacha *FH2020* a bhaint amach. Beidh rath Bhranda Éireann ag brath ar thacaíocht an tionscail do thogra an chomhbhranda.

Inbhuanaitheacht

Chun an buntáiste iomlán a bhaint as na deiseanna margaíochta atá ann, ní mór do tháirgeacht bia na hÉireann a bheith ag obair ar an gcaighdeán is airde comhshaoil agus a chinntiú go bhfuil ár ndintiúir inbhuanaitheachta deimhnithe le fianaise láidir eolaíochta. Braitheann forbairt Bhranda Éireann atá éifeachtach ar chomhlíonadh na nithe seo.

Tuilleadh Comhoibrithe/Iomaíochta Comhoibrí

Nótáladh roinnt samplaí ar éirigh leo den chomhoibriú nó den iomaíocht chomhoibríoch fheabhsaithe le bliain anuas agus níl amhras ar bith gur mhaith ab fhiú a thuilleadh rannpháirtíochta comhoibrí i measc na bpríomhghníomhaithe. Teastaíonn athrú mór i meon agus oscailteacht níos fearr do bhealaí nua oibre má tá an earnáil lena hacmhainn forbartha iomlán a bhaint amach.

Muinín agus spreacadh treisithe san earnáil

Tá braistint athnuaite soirbhíochais agus fhéinmhuiníne le brath ar fud na hearnála le míonna beaga anuas. Táthar ag súil go spreagfaidh an rath margaíochta leanúnach agus an forás easpórtála breis infheistíochta agus méadaithe. Is forbairt dhearfach, go háirithe, a bhfuil fáilte mhór roimhe, caighdeán ard agus díograis shoiléir na n-iontrálaithe nua le déanaí ar gach leibhéal in earnáil an agraibhia.

Príomhghníomhartha don bhliain atá romhainn

Caithfear na tionscnaimh seo a leanas, a bhfuil athruithe céimneacha ag baint leo, a chur chun cinn go suntasach roimh Iúil 2012.

Príomhúil

- Táirgeacht déiríochta bhrabúsach ar leibhéal na feirme a uasmhéadú, taobh istigh de theorainneacha na gcuótaí, agus méadú bainistithe agus inbhuanaithe na mba bainne agus athsholáthair a chinntiú suas go dtí 2015.
- Clár náisiúnta deonach a chur i bhfeidhm chun srianadh a chur ar an mbuinneach víriseach bhólachta (BVD), galar Johnes agus maistíteas/SCC.
- Tar éis an chláir phíolótaigh *CellCheck*, clár iomlán *CellCheck* a chur i bhfeidhm go céimneach ar bhonn náisiúnta in 2011.
- Tacaíocht a thabhairt do chláir nua oiliúna, dírithe ar an bhforás, e.g. bainistiú feirm déiríochta.
- Ar leibhéal na feirme, éifeachtúlacht agus aistriú faisnéise a fheabhsú trí rannpháirtíocht a mhéadú sna Pléghrúpaí go 8,000 agus 5,000 Monatóir Brabaigh a bhaint amach.
- ICBF chun roghnú géanómaíochta le haghaidh eallaigh mhairteola agus dhéiríochta a fhorbairt a thuilleadh mar chuid de scéim nua póraithe mairteola agus mar chuid d'athfhorbairt scéim phóraithe an eallaigh dhéiríochta.
- Scéim eile d'iontrálaithe nua san fheirmeoireacht déiríochta a thabhairt isteach, mar a mholann an Grúpa Gníomhachtaithe um Fhorleathnú na Déiríochta.
- Straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm chun roghnú na teicneolaíochta agus méadú na táirgeachta, taobh istigh de bhacainní na gcuótaí, a spreagadh i measc feirmeoirí déiríochta.
- Clib fíocháin a chur san áireamh sa chéad tairiscint eile chun clibeanna bólachta a sholáthar agus uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras aitheanta chun ainmhithe aistrithe a thaifead.
- Rachfar sa tóir ar shimpliú bhearta an CAP mar chuid d'idirbheartaíocht leasaithe an CAP.

Tionscal

- An infheistíocht atá riachtanach chun acmhainneacht phróiseála a mhéadú de réir an tsoláthair bainne a chur san áireamh i bpleananna thionscal na déiríochta.
- Measúnú straitéiseach cuimsitheach a chomhlíonadh ar na tionchair chomhshaoil ag éirí as *FH2020* mar threoir ar bheartas agus ar ghníomhartha amach anseo.
- Déanfar breis cuíchóirithe ar an tseirbhís cigireachta feola ionas go mbeidh seirbhís éifeachtúil ó thaobh costais de ann atá i gcomhréir leis an riachtanas rialála agus le sábháilteacht agus muinín an tomhaltóra.
- Teacht ar chomhaontú le húinéirí soitheach Francach chun gabháil atá ar aon dul le gabháil dhá shoitheach éisc ghil a chur i dtír/a phróiseáil in Éirinn in aghaidh na seachtaine.
- Ceadúnas a bhaint amach le haghaidh suíomh dobharshaothraithe éisc eite ar mhórscála amach ón gcósta, agus iad suite taobh amuigh de láithreáin ainmnithe faoi Natura 2000.
- Cumas an tionscail agus scaipeadh na faisnéise a fheabhsú trí rannpháirtíocht níos fearr i gcláir Lean (20 Cuideachta Mór, 70 Gnóthas Beag agus Meánmhéide), L4G (50 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin). Clár Foráis Straitéisigh (31), Comhaltaí Margaíochta (28) agus Clár Easpórtála do Chéimithe Bia (15)
- Méadú suntasach a dhéanamh ar ráta na gcinntí maidir le ceadúnais dobharshaothraithe agus iad faoi cheanglas Threoracha Comhshaoil an AE.
- Déanfaidh an DAFM agus an DECLG iarracht ar a chinntiú go gcuirfear leas talmhaíochta agus foraoiseachta na hÉireann chun cinn i gcreat leasaithe cuntasaíochta carbóin an AE in 2012 agus ag idirbheartaíocht Choinbhinsiún Creatlaí na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i mí na Nollag 2011.
- 10 dtionscadal iomaíochta comhoibrí curtha chun cinn
- Leathnófar an Clár Forbartha Céimithe Bia, maoinithe ag an DAFM, chun talmhaíocht agus foraoiseacht a chur san áireamh.
- Déanfar athbhreithniú le páirtithe leasmhara tionscail ar na riachtanais rialála a eascraíonn as reachtaíocht náisiúnta agus as reachtaíocht an AE

Príomhghníomhartha don bhliain atá romhainn

Méadú an bhreisluacha

- Méadú €300m ar an mbreisluach sa déiríocht, i ndeochanna, i mbia reoite, i mbia mara, i mbia peataí, i mbáicéireacht speisialaithe agus i sneaiceanna/milseogra.
- Infheistíocht straitéiseach nua ó chuideachtaí idirnáisiúnta san earnáil déiríochta/ chothaithe naíonán a aimsiú.
- Lárionad Nuála Déiríochta an Bhoird Bainne a sheoladh i gcomhpháirt le Teagasc chun sraith de tháirgí brandáilte bainnebhunaithe a chruthú do thomhaltóirí.
- Clár taighde nua Teagasc a fhorbairt i gcomhpháirt le tionscal na feola chun luach an tsrutha dramhaíola san earnáil a mhéadú.
- Déanfaidh Teagasc saoráid i gcomhair Theicneolaíocht an Díhiodráitiúcháin a chomhtháthú ina chlár taighde reatha ar chomhábhair dhéiríochta 'Chliste' a bhfuil feidhmiúlacht iontu i dtaca le cur i bhfeidhm i mbia ar fud an domhain.

Leathnú an mhargaidh

- Sprioc easpórtála san agraibhia de €8,500m a bhaint amach.
- Éagsúlú i mbia reoite agus in earnáil na báicéireachta speisialaithe a aimsiú i limistéar an euro chun sprioc foráis de €15m a bhaint amach sna margaí sin.
- Cuidiú leis an tionscal sprioc díolacháin de €15m a bhaint amach trí *Marketplace 2012*.
- Clár nua straitéiseach a sheoladh atá beartaithe chun sciar na mairteola Éireannaí a leathnú i margadh na Gearmáine, ag baint úsáid as cur chuige Bhranda Éireann.
- Clár feasachta a fhorbairt chun próifíl na hÉireann mar fhoinse shlán, inbhuanaithe agus scamhardach bia déiríochta a chur chun cinn i margadh na Síne.
- Clár forbartha lipéid phríobháidigh a chur i bhfeidhm, dírithe ar dhíolacháin bhia agus deochanna na hÉireann a mhéadú in earnáil mhiondíola an Aontais Eorpaigh Mhór-roinne.

Nuáil

- Coinneáil go gníomhach le bunú dhá lárionad taighde nua tionscaltreoraithe
- Déanfaidh an tionscal agus an Stát samhail charbóin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh earnáil na déiríochta, bunaithe ar shamhail Bhord Bia de lorg charbóin an mhairteola.
- Rath na hÉireann i dtarraingt mhaoinithe faoi Chreatchlár Taighde an AE a choimeád.
- Cinntiú go mbeidh an taighde in earnálacha an agraibhia agus an bhithgheilleagair luaite sa Phlean Náisiúnta Tosaíochta Taighde don Infheistíocht i dTaighde Rialtais.
- An DAFF le dámhachtainí a bhronnadh faoin nGlaoch ar Thaighde 2010, ar fiú €10m iad, sna cláir FIRM, Stimulus agus COFORD.
- Déanfaidh an Sainghrúpa Comhairleach um Agra-Thaighde (AREA) Clár Taighde Straitéiseach a fhorbairt don taighde bunaithe ar tháirgeacht talmhaíochta.
- Tabharfaidh an Sainghrúpa Comhairleach um Thaighde Bia (FREA) an Plean Náisiúnta Taighde agus Nuála Bia chun críche.
- Seolfaidh Teagasc agus UCD Comhghuaillíocht nua i dTaighde Talmhaíochta, Oideachas agus Nuáil.
- Déanfaidh Teagasc taighde ar chaighdeán itheacháin tarbhfheola chun an brabús is mó a bhaint as an earnáil mhéadaitheach sin.

Garspriocanna Eatramhacha

Garspriocanna 2013

Méadaigh táirgeacht phríomha faoi € 300m

- Rannpháirtíocht feirmeoirí i 9,000 pléghrúpa
- Feirm nua chaorach thaispeána bunaithe
- Clár Feirme Mairt BETTER a leathnú chuig córais neamhdhiúil
- Rogha oiliúna speisialta dhá bhliain do bhainisteoirí feirme curtha i gcrích
- 5,000 Monatóir Brabaigh comhlíonta in aghaidh na bliana
- Clár Feirme Caorach BETTER a leathnú chuig 10 dtréad caorach

Táirgeacht Phríomha

Priomhchumasoiri:

- Iomaíochas, Aistriú Eolais agus Athstruchtúrú a fheabhsú.
- Muinín agus Spreacadh
- Díriú ar Thacaíocht Stait

Garspriocanna 2015

Méadaigh táirgeacht phríomha faoi €700m

- Rannpháirtíocht feirmeoirí i 10,000 pléghrúpa
- 5,000 Monatóir Brabaigh comhlíonta in aghaidh na bliana
- Bain solaid bhainne de 359 kg in aghaidh na bó amach
- Laghdú sna gáis cheaptha teasa in aghaidh an aonaid táirgeachta a bhaint amach faoi 2018
- Cláir phóraithe ainmhithe ag cur le fabhrú géiniteach méadaithe in aghaidh na bliana ó €15 go €18 in EBI déiríochta agus €5 go €10 i SBV mairteola.
- Athchóiriú ar ghnáthóga/speicis de chuid Iarscríbhinn I chuig stádas caomhantais fabhrach
- Líon na dtréad a bhfuil ainmhithe le hionfhabhtú seasmhach den bhuinneach víreasach bhólachta iontu laghdaithe

Fís chomhaontaithe — Ceannach isteach Geallsealbhóirí — Acmhainneacht Fáis Dhomhanda — Freagairt Chomhordaithe Stáit

Breisluach na hearnála

(bia mara as an áireamh)

Garspriocanna 2013

Méadaigh an breisluach faoi €500m

- Infheistíocht thionscal na déiríochta i saoráidí don phúdar bainne
- Cáiseanna nua forbartha trí chomhpháirtíocht Teagasc/an Bhoird Bainne
- Gealltanas nua infheistíochta dírí coigríche in earnáil an bhainne foirmle do naíonáin
- Cuir 2 lárionad taighde tionscaltreoraithe chun cinn
- Táirgí nua dí Éireannacha a sheoladh sna S.A. tar éis tástáil tomhaltóra a dhéanamh
- Creidiúnú PAS 2050 bainte amach do mhórtháirgí príomhúla
- Saoráid nua taighde don Teicneolaíocht Díhiodráitiúcháin agus Comhábhair Chliste críochnaithe

Priomhchumasoiri:

- Iomaíochas a Fheabhsú
- Tacaíochta ón Tionscal
- Díriú ar Thacaíocht Stáit

Garspriocanna 2015

Méadaigh an breisluach faoi €1B

- Méadaigh luach an tsrutha dramhaíola i dtionscal na feola
- Dul chun cinn suntasach déanta maidir le cáiseanna nua agus táirgí bia eile trí chomhpháirtíocht Teagasc/an Bhoird Bainne
- Acmhainneacht níos fearr a thógáil i bhforbairt táirgí i dtionscal na ndeochanna
- Comhábhair nua 'Chliste' á dtáirgeadh ag an tsaoráid Díhiodráitiúcháin agus Chomhábhair 'Chliste' de chuid Teagasc.
- Sruth táirgí nua le hairíonna feidhmiúla ó FHI agus ó thionscnaimh eile.

Fís chomhaontaithe — Ceannach isteach Geallsealbhóirí — Acmhainneacht Fáis Dhomhanda — Freagairt Chomhordaithe Stáit

EARRAÍ EASPÓRTÁLA

Garspriocanna 2013

Bain easpórtála de €9b amach

- Clár L4G in comhlíonta ag 50 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus 80 cuideachta
- Coincheap 'Branda Éireann' forbartha
- Láimhdeachas comhcheangailte chuideachtaí MAP* (Clár Tacaíochta Margaíochta) le méadú €90m a bhaint amach faoi 2013; jabanna le méadú faoi 290
- Scair na n-onnmhairí i ngeilleagair eile an euro a mhéadú le 3 phointe céatadáin
- Méadaigh sciar na n-earraí easpórtála chuig an Áise ó 4.3% go 5.5%

- Clár Lean críochnaithe ag níos mó ná 20 cuideachta mór agus 70 gnóthas beag agus meánmhéide
- 450 tasc tráchtála comhlíonta ag 100 comhalta margaíochta
- 60% de na comhaltaí coinnithe san earnáil

Priomhchumasoiri :

- Iomaíochas a Fheabhsú
- Muinín agus Spreacadh
- Timpeallacht Fhabhrach Bheartais

Garspriocanna 2015

Bain easpórtála de €10b amach

- Scair na n-onnmhairí i ngeilleagair eile an euro a mhéadú le 5 phointe céatadáin
- Méadaigh sciar na n-earraí easpórtála chuig an Áise faoi 7%
- Clár Páirtnéireachta *Vantage* comhlíonta ag 12% de Chliaint na nGnóthas Beag agus láimhdeachas méadaithe de bhreis ar €2.5m

Fís chomhaontaithe — Ceannach isteach Geallsealbhóirí — Acmhainneacht Fáis Dhomhanda — Freagairt Chomhordaithe Stáit

Dobharshaothrú

Garspriocanna 2013

Suíomhanna don dobharshaothrú amach ón gcósta forbartha

Saincheisteanna ceadúnaithe réitithe

Cead pleanála faighte

Spriocmhargadh measúnaithe

Suíomh roghnaithe

Infheistíocht faighte ón tionscal

Méadú suntasach i gceadúnais dobharshaothraithe

Garspriocanna 2015

Tús curtha le fómhar an aonaid 10,000 tonna

Méadaigh táirgeadh bliantúil dobharshaothraithe faoi 10,000 tonna

Tús le fómhar amach ón gcósta

Méadú 17% ar chumas táirgthe dobharshaothraithe

Príomhchumasóirí:

- Timpeallacht Fhabhrach Beartais,
- Inbhuanaitheacht

Bia Mara

Garspriocanna 2013

Méadaigh luach faoi €50m

Gabháil ó 4 shoitheach eachtracha á cur i dtír in aghaidh na seachtaine

Láimhdeachas de €40m bainte amach ag 1 chuideachta

Láimhdeachas de €20m bainte amach ag 10 gcuideachta

Mol Mór-Roinne roghnaithe agus infheistíocht aontaithe

Garspriocanna 2015

Méadaigh luach faoi €100m

Gabháil ó 8 soitheach eachtracha á cur i dtír in aghaidh na seachtaine

Mol Mór-Roinne i mbun oibre agus díolacháin de €20m á nginiúint aige

Príomhchumasóirí:

- Breis comhoibrithe/iomaíochta comhoibrí,
- spreacadh agus muinín threisithe san earnáil.

Fís chomhaontaithe — Ceannach isteach Geallsealbhóirí — Acmhainneacht Fáis Dhomhanda — Freagairt Chomhordaithe Stáit

Baill de Coiste Feidhmithe Ard-Leibhéil

Simon Coveney T.D. (Cathaoirleacht)	Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara
Aidan Cotter	Bord Bia
Aidan O'Driscoll	Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
David Moloney	Roinn an Caiteachais Phoibli agus Athchoirithe
Gerry Boyle	Teagasc
Jason Whooley	Bord Iascaigh Mhara
Julie Sinnamon	Fionntraiocht Eireann
Martin Heraghty	Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Mary Kelly	Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Tom Moran	Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
	Runaiocht ó Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Grúpa Gníomhachtaithe um Méadú na Déiríochta	Dr. Sean Brady (Cathaoirleacht)
Grúpa Gníomhachtaithe um Marteola	Michael Dowling (Cathaoirleacht)
Grúpa Gníomhachtaithe um Garneoireacht	Kieran Dunne (Cathaoirleacht)